2025/1868

15.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1868 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2025

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/835 lena gcuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 15 agus Airteagal 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/835 ón gCoimisiún ([2]) ('an Rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne tar éis athbhreithniú éaga.

(2) Is é an táirge lena mbaineann mar a thuairiscítear i roinn 2 den Rialachán bunaidh 'eistir mhona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise' agus, dá bhrí sin, cuimsítear breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ('BEI') ar eistir hidreachóireáilte agus aigéid shailleacha iad. Is hidreacarbóin phairifíneacha iad BEI faoi chonair EASH ([3]) agus OGH agus tá na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna acu.

(3) Fiú má fhorchuirtear bearta frithchúitimh de réir an tsainmhínithe ar an táirge gan beann ar an aicmiú taraife, chun críoch soiléirithe agus chun forfheidhmiú ceart na ndleachtanna frithchúitimh a áirithiú, meastar gurb iomchuí an Rialachán bunaidh a leasú chun cóid AC ex 2710 19 11, ex 2710 19 15, ex 2710 19 21, ex 2710 19 25 agus ex 2710 19 29 agus na cóid TARIC chomhfhreagracha le haghaidh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a áireamh in Airteagal 1(1) de.

(4) Níl aon tionchar ag an leasú seo ar raon táirgí na mbeart atá i bhfeidhm.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 1, mír 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/835:

'1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí eistear mona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, i bhfoirm íon nó mar a áirítear i gcumasc, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cóid TARIC 1516 20 98 21, 1516 20 98 29 agus 1516 20 98 33), ex 1518 00 91 (cóid TARIC 1518 00 91 21, 1518 00 91 29 agus 1518 00 91 33), ex 1518 00 95 (cód TARIC 1518 00 95 21), ex 1518 00 99 (cóid TARIC 1518 00 99 21, 1518 00 99 29 agus 1518 00 99 33), ex 2710 19 11 (cód TARIC 2710 19 11 10), ex 2710 19 15 (cód TARIC 2710 19 15 10), ex 2710 19 21 (cód TARIC 2710 19 21 10), ex 2710 19 25 (cód TARIC 2710 19 25 10), ex 2710 19 29 (cód TARIC 2710 19 29 10), ex 2710 19 42 (cóid TARIC 2710 19 42 21 agus 2710 19 42 29), ex 2710 19 44 (cóid TARIC 2710 19 44 21, 2710 19 44 29 agus 2710 19 44 33), ex 2710 19 46 (cóid TARIC 2710 19 46 21, 2710 19 46 29

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/835 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2025 lena gcuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/835, 6.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/835/oj).
([3]) Eistir agus Aigéid Shailleacha Hidreaphróiseáilte.
([4]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj).

agus 2710 19 46 33), ex 2710 19 47 (cóid TARIC 2710 19 47 21, 2710 19 47 29 agus 2710 19 47 33), 2710 20 11, 2710 20 16, ex 3824 99 92 (cóid TARIC 3824 99 92 10, 3824 99 92 14 agus 3824 99 92 17), 3826 00 10 agus ex 3826 00 90 (cóid TARIC 3826 00 90 11, 3826 00 90 19 agus 3826 00 90 33) agus ar de thionscnamh na hAirgintíne iad.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN